2025/1528

31.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1528 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2025

lena n-údaraítear ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) An 29 Deireadh Fómhair 2020, chuir an chuideachta Tigernuts traders, S.L. ('an t-iarratasóir') iarratas ar údarú faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfí ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) dá réir sin (le haghaidh cócaireachta nó mar blastanas) agus mar chomhábhar i roinnt catagóirí bia don phobal i gcoitinne.

(4) An 8 Samhain 2022, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú a dhéanamh ar ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) mar bhia núíosach.

(5) An 30 Deireadh Fómhair 2024 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch dar teideal '*Safety of Cyperus esculentus (tiger nut) oil as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* ([3])' [Sábháilteacht ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) mar bhia núíosach] i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(6) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) sábháilte don phobal i gcoitinne faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Dá bhrí sin, is leor na forais sa tuairim eolaíoch sin chun a shuí go gcomhlíonann ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) na coinníollacha maidir lena cur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, nuair a úsáidtear í faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe.

(7) Is iomchuí go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283 san iontráil a bhaineann le hola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha.

(8) Ba cheart ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) a chuimsiú i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e9102.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Cuimseofar ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
'Ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair)	*Catagóir shonraithe bhia*	*Uasleibhéil*	Is é "ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair)" ainmniú an bhia núíosaigh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu.		
	Ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) dá réir sin				
	Táirgí pasta-bhunaithe	30 mL/100 g			
	Arán agus rollaí	30 mL/100 g			
	Sneaiceanna seachas criospaí (craicir)	30 mL/100 g			
	Blastán sailéid	50 mL/100 g			
	Saillte mar a shainmhínítear i bhFoscríbhinn II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])	80 mL/100 g			
	Earraí míne bácála	30 mL/100 g			
	Táirgí bainnebhunaithe (*)	60 mL/100 g			
	(*) Nuair a úsáidtear í i dtáirgí bainnebhunaithe ní fhéadfaidh ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) teacht in ionad aon chomhábhair bhainne go hiomlán nó go páirteach				

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).'

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíochtaí
'Ola *Cyperus esculentus* (cnó tíogair)	**Tuairisc:** Faightear an bia núíosach ó phaistéaradh tiúbair *Cyperus esculentus* (cnó tíogair) L. agus próiseas fuarbhrúite ina dhiaidh sin. **Comhdhéanamh aigéid shailligh** Aigéad pailmíteach: 12–15 % Aigéad stéarach 5–8 % Aigéad oiléach 65–69 % Aigéad líonoiléach 9–12 % **Saintréithe:** Aigéadacht: ≤ 2 % Innéacs sárocsaíde: ≤ 20 meq/kg Luach gallúnaithe: ≤ 189 mg KOH/g *p*-ainisidín: < 1 **Miotail throma:** Luaidhe: ≤ 0,1 mg/kg Caidmiam: ≤ 0,1 mg/kg **Míceatocsainí:** Aflatocsainí (suim de B1, B2, G1, G2): < 4 µg/kg Aflatocsain B1: < 1 µg/kg Ócratocsain A: < 3 µg/kg **Critéir mhicribhitheolaíochta:** Áireamh Iomlán Coilíneachtaí Aeróbacha: ≤ 10^3 ADC /g Áireamh Iomlán na nGiostaí agus na Múscán: ≤ 10^2 ADC /g Baictéir dhrólannacha: ≤ 10 ADC/g *Salmonella*: Níor aimsíodh in 25 g Listeria monocytogenes: Níor aimsíodh in 25 g Enterobacteriaceae: < 10^2 ADC /g ADC: aonaid déanta coilíneachta'

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1528/oj